# RABHADH

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfidh tú marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo:

| |
|---|
| |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017**

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 1 – FILLTEÁN (60 marc)

**DÉ hAOINE 9 MEITHEAMH – MAIDIN 9:30 – 11:30**

**NÓTA: TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ SEO AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH**

**ROINN 1 (60 marc)**

Freagair **GACH** ceist.
Tá rogha agat laistigh de cheithre cheist.
Déan deimhin de go gcuireann tú an fillteán seo ar ais le do fhreagarleabhar.
Caillfidh tú marcanna mura gcuireann.

**1. CARRAIGEACHA**

Nuair a chuirtear sceall faoi bhrú, déantar slinn de.

Is é atá i slinn ná:

Bruthcharraig ☐

Carraig dhríodair ☐

Carraig mheiteamorfach ☐

Slinn



Curtha in oiriúint ó www.sandatlas.org

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**2. CREATHANNA TALÚN**

Is é a thugtar ar thonn aigéanach mhór a chruthaítear mar thoradh ar chrith talún ar ghrinneall na farraige ná:

Tonn sheismeach ☐

Tonn shúnámaí ☐

Tonn turrainge ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**3.** **AG MÚNLÚ SCREAMH AN DOMHAIN**

Scrúdaigh an léaráid thall.


Cé acu seo a leanas is cúis le gluaiseacht na bplátaí ó chéile?

Sruthanna comhiompair ☐

Pangaea ☐

Laibhe ☐

Teorainneacha plátaí ☐




Curtha in oiriúint ó www.wikimedia.org

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**4.** **GNÉITHE CARSTACHA**


Is é a thugtar ar na gnéithe faoi thalamh marcáilte **X** san fhótagraf thall ná:

Clinteanna ☐

Aolchuisní ☐

Aolchoinnle ☐

Gríoga ☐




Curtha in oiriúint ó www.adventuresinwonderland-wordpress.com

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

5. **SONRAÍ AIMSIRE**

An Mheánteocht (°C) do Bhéal an Mhuirthead, Co Mhaigh Eo 2015

| **Mí** | **Ean** | **Fea** | **Már** | **Aib** | **Bea** | **Mei** | **Iúil** | **Lún** | **MF** | **DF** | **Samh** | **Noll** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teocht °C** | 6.2 | 6.1 | 7.0 | 8.7 | 9.8 | 12.1 | 13.8 | 13.7 | 12.9 | 11.3 | 9.7 | 8.4 |

Curtha in oiriúint ó www.met.ie

Scrúdaigh na sonraí aimsire sa tábla thuas agus cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis thíos.

(i) An mheánteocht ab ísle ná **7.0 °C** / **6.1 °C**.

(ii) Bhí an mheánteocht ab airde, 13.8 °C, ann i mí **Iúil** / **Lúnasa**.

(iii) An raon teochta do na sonraí aimsire don bhliain ná **9.5 °C** / **7.7 °C**.

6. **AIBHNEACHA**


Is é a thugtar ar na hiomairí le taobh bhruacha na habhann, marcáilte **X** san fhótagraf thall, ná:

Deilteanna ☐

Eascracha ☐

Leibhéanna ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.




Curtha in oiriúint ó www. Screencast-o-matic.com

**7.** **STAITISTICÍ TÍREOLAÍOCHTA**

Taispeánann an phíchairt thall luach céatadánach an bheostoic a táirgeadh in Éirinn in 2015.

Is é luach céatadánach na muc (**X**), a táirgeadh ná:


20% ☐

7% ☐

15% ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Luach Céatadánach an Bheostoic a Táirgeadh in Éirinn in 2015




**8.** **COMHSHAOL**

An phríomhchúis atá le báisteach aigéadach ná:

Baint na bhforaoisí trópaiceacha. ☐

Táirgeadh fuinnimh núicléach. ☐

Dó breoslaí iontaise. ☐

Fuinneamh hidrileictreach. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart

9. **FREAGAIR 9A NÓ 9B**


**9A. CÓSTAÍ**

Is é a thugtar ar bhallaí ísle a thógtar feadh trá chun moill a chur le síobadh feadh cladaigh, cosúil leo siúd lipéadaithe **X** san fhótagraf thall, ná:

Tambalónna ☐

Gradhana ☐

Goba gainimh ☐



Curtha in oiriúint ó www.geograph.org.uk

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**NÓ**


**9B. OIGHRIÚCHÁN**

Is é a thugtar ar an tírghné oighreach lipéadaithe **X** san fhótagraf thall ná:

Gleann crochta ☐

Moiréan ☐

Airéit ☐



Curtha in oiriúint ó www.walkhighlands.co.uk

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**10.** **FREAGAIR 10A NÓ 10B**

## 10A. FEACHTANNA AIGÉIN

Bíonn tionchar ag an bhfeacht aigéin lipéadaithe **X** ar an léarscáil thall ar an aimsir in Éirinn.

Is é a thugtar ar an bhfeacht aigéin seo ná:


Feacht Labradar ☐

Feacht na gCanárach ☐

Síobadh Mór an Atlantaigh Thuaidh ☐

Feacht na Graonlainne ☐


Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.




Curtha in oiriúint ó www.sonoma.edu

**NÓ**

## 10B. ATMAISFÉAR CORRAITHEACH




Curtha in oiriúint ó www.earthspace solutions.files.wordpress.com

Scrúdaigh an léaráid thuas a thaispeánann an téamh míchothrom a dhéanann an ghrian ar dhromchla an domhain.
Tá teas na gréine níos mó:

Ag an meánchiorcal ag **X** ☐

Sa leathsféar thuaidh ag **Y** ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**11.** **FREAGAIR 11A NÓ 11B**

## 11A. AN STÁISIÚN AIMSIRE

Is é a thugtar ar an mbosca a choimeádann gléasanna aimsire agus a thaispeántar san fhótagraf thall ná:




Taifeadán Campbell-Stokes ☐

Scáthlán Stevenson ☐

Ainéimiméadar ☐

Baraiméadar ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**NÓ**

## 11B. FAD AR LÉARSCÁIL

Féach ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

An fad i gciliméadair feadh bhóthar an **R 584** ó Dhroichead na Toinne (*Toon Bridge*) ag **W 296 705** go dtí an T-acomhal ag Crois Uí Airtnéada (*Hartnett's Cross*) ag **W 354 719** ná:

6.2 ciliméadar ☐


11.8 ciliméadar ☐

3.9 ciliméadar ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 12. FREAGAIR 12A NÓ 12B

### 12A. STAIDÉAR DAONRA




Curtha in oiriúint ó www.cia.gov

Scrúdaigh na pirimidí daonra thuas.

Cé acu tír ar Tír i mbéal Forbartha í?

Tír **A** ☐

Tír **B** ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**NÓ**

### 12B. NAISC CHUMARSÁIDE

Dá dtaistealófá ar bhóthar an M7 ó Luimneach go Baile Átha Cliath, cén treo a dtaistealófá?


Ón Oirdheisceart go dtí an tIarthuaisceart ☐

Ón Iarthuaisceart go dtí an tIardheisceart ☐

Ón Iarthuaisceart go dtí an tOirdheisceart ☐

Ón Iardheisceart go dtí an tOirthuaisceart ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.



**13. LUACHANNA TALÚN I GCATHRACHA**

Cé acu ceann **amháin** de na ráitis a leanas mar gheall ar luachanna talún i gcathracha atá **FÍOR**?

Méadaíonn luachanna talún i dtreo lár na cathrach. ☐

Titeann luachanna talún i dtreo lár na cathrach. ☐

Ní bhíonn aon athrú ar luachanna i dtreo lár na cathrach. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**14. PLEANÁIL UIRBEACH**



Curtha in oiriúint ó www.paultierney.com



Curtha in oiriúint ó www.icsh.ie

Taispeánann na fótagraif thuas samplaí de áiteanna inar leagadh seantithe agus ina ndearnadh iarracht feabhas a dhéanamh ar phobail.

Is é a thugtar air seo ná:

Sraoilleáil uirbeach ☐

Meathlú uirbeach ☐

Athfhorbairt agus athnuachan uirbeach ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 15. GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

Monarcha Ríomhairí




Monarcha Suiminte




Longthógáil




Féach ar na fótagraif thuas.

Cé acu ceann acu seo a leanas ar sampla é de **thionscal gan chuing**?

Monarcha ríomhairí ☐

Monarcha suiminte ☐

Longthógáil ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 16. AERFÓTAGRAF

Féach ar an aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.

Ceann de na húsáidí talún sa chúlra ar dheis san aerfótagraf ná:

Páirceáil Carranna ☐

Cónaí ☐

Coillearnach Dhuillsilteach ☐

Miondíol / Siopadóireacht ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**17. FOINSÍ FUINNIMH**

Cé acu díobh seo a leanas ar samplaí de fhoinsí fuinnimh **neamh-inathnuaite** iad **go léir**?

Gás nádúrtha, uisce, gaoth ☐

Gual, gaoth, grianchumhacht ☐

Gual, gás nádúrtha, ola ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**18. TAGAIRTÍ EANGAÍ**

Féach ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

Cé acu ceann de na cearnóga eangaí seo a leanas a bhfuil **Príomhbhóthar Náisiúnta** le fáil inti?

W 28 69 ☐

W 27 66 ☐

W 36 69 ☐

W 29 66 ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**19. TAGAIRTÍ EANGAÍ**

Féach ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

An ghné ag **W 321 654** ná:

Oifig Phoist ☐

Caisleán ☐

Galfchúrsa ☐

Gallán ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 20. STAITISTICÍ AGUS CÚNAMH

Chuir an crith talún i Neipeal in 2015 isteach ar nach mór 8 milliún duine. Maraíodh thart ar 9,000 duine agus scriosadh os cionn 600,000 teach.

Thug an tAontas Eorpach freagairt i slite éagsúla agus b’fhiú os cionn €130 milliún an fhreagairt seo. San áireamh anseo, bhí foirne cuardaigh agus tarrthála, soláthairtí leighis agus córais íanúcháin uisce.


Curtha in oiriúint ó www.europa.eu

Léigh an t-eolas thuas.

Cuir in iúl cé acu atá gach ceann de na ráitis a leanas **FÍOR** nó **BRÉAGACH** agus tic (✓) á chur agat sa bhosca ceart i ngach cás.

| **RÁITEAS** | **FÍOR** | **BRÉAGACH** |
|---|---|---|
| Scriosadh os cionn 600,000 teach. | | |
| Níor thug an tAontas Eorpach ach €8 milliún mar chúnamh. | | |
| Sampla de chúnamh éigeandála iad foirne cuardaigh agus tarrthála. | | |

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**

Leathanach Bán